

# Cumann Liathróid Láimhe Mhichíl Bhreathnaigh

Jimí Jó Shéamais Ó Fátharta

**A**r scáth a chéile a mhaireann na daoine. Sea! tá sin fíor chomh maith i gcúrsaí Liathróid Láimhe. Lean an obair agus múineadh scileanna na liathróide láimhe ar aghaidh an bhliain seo caite, ón Scoil Náisiúnta go dtí Club Óige Lurgan agus an Cumann féin. Bhí an toradh le feiceáil go soiléir nuair a thóg roinnt mhaith den óige páirt i gcomórtais agus i gcluichí dúshláin. Fuair Peadar Óg Ó Gríofa an bua i gCraobh na Gaillimhe agus i gCraobh an Chúige Faoi-12. Ní bhíonn aon bhabhtai ceannais na hÉireann san aois seo.

Bhí an bua san gContae ag Diarmuid Ó Finneadha Faoi-14. Bhí an bua ag Seán Denvir sa gContae Faoi-16 agus chuir sé suas sárthaispeántas i gCraobh an Chúige i gcoinne bhuachaill as Liatroim atá ag imirt liathróid láimhe le hocht mbliana. Sna comórtais dubailte, fuair Seán Ó Finneadha agus Séamus Ó Fátharta Craobh an Chontae Faoi-15, agus fuair Cáthrach Breathnach agus Oisín Ó Ceallaigh an bua sa ngrád Faoi-16. Ansin ní raibh fágtha ach “Féile na nGael”.

## Féile na nGael

Thóg trí chumann páirt i gcomórtas chontae na Gaillimhe, Baile Liam, Má Cuilinn agus Micheál Breathnach. Fuair leids Chois Fharraige an bua amach go héasca anseo. Thug siad a n-aghaidh ar Chorcaigh don Fhéile Náisiúnta agus chuaigh chomh fada leis an gcluiche leath ceannais na hÉireann agus níor bualadh iad ach le cúilín gágach amháin. Ar an bhfoireann sin bhí Peadar Óg Ó Gríofa,



Buaiteoirí an Chomórtais Liathróid Láimhe don Chiseán Nollag 2004, Colm Mharcuis Ó Cualáin ar chlé agus Liam Willie Ó Fátharta ar dheis.

Diarmuid Ó Finneadha, Fiontán Ó Curraoin agus Fiach Ó Béarra. Nár laga Dia a lámha.

Tá dhá bhalla marcáilte amach ag an gCumann ag an Scoil Náisiúnta i mbliana le Liathróid Láimhe a imirt ann.

## Scoth Imreoirí

D’eagraidh an Cumann Comórtas Scothimreoirí na hÉireann i mí na Nollag anuraidh agus d’éirigh go maith leis. Fuair Antoine Ó hÉalaithe an bua ar Eoghan Ó Cinnéide sa gcluiche ceannais. Tháinig imreoirí ó cheithre chúige na hÉireann agus fiú thar sáile anall ón mBreatain. Ba é an taispeantas a thug Daxie Walsh agus Dessie

Keegan na sárcluichí a bhí sa gcomórtas.

## Comórtas Oscailte

Ní raibh aon chomórtas Contae don aosach ann i mbliana mar gur chinn Comhairle Chonnachta triail a bhaint as “Comórtas Oscailte Sraithe” i gConnacht sna grádanna ar fad. Bhí cluichí iontacha ag Gerry

Ó Fátharta, Liam Ó Fátharta, Timín Ó Curraidhín, Colm Ó Cualáin, Pádhraic W. Ó Fátharta agus Noel Dan Ó Droighneáin sna comórtais seo ach níor éirigh leo aon chraobh a bhaint amach. Chuaigh Pádhraic Tim Ó Conghaile agus Séamus Ó Fátharta chomh fada le cluiche leathcheannais na hÉireann ach theip orthu i gcoinne na beirte as Corcaigh a chuaigh chun cinn le Craobh na hÉireann a bhaint amach dóibh féin. Nach deacair na Corcaíocha a chloí!

Mar is gnách, is ar an gciseán torthaí Lá Nollag is mó a bhíonn an chraic. Ba ag Liam W. Ó Fátharta agus Colm Mharcais Ó Cualáin a bhí an lá nuair a chloí siad Timín Ó Curraidhín agus Gerry Ó Fátharta sa gcluiche ceannais.

### Campa Samhraidh

Cuireadh bailchríoch ar chúrsaí le “Campa Samhraidh” na bliana seo, a d’iarr na himreoirí óga iad féin. D’fhreastail scór ar fad air seo i dtús mhí Lúnasa. Ba é seo an chéad uair a leithéid a eagrú agus sa gcomórtas a chuaigh leis bhí cheithre ghrúpa páirteach ann agus imríodh na cluichí ar bhonn sraithe. Bhí athimirt i gceist mar go raibh dhá ghrúpa ar chomhscór, Grúpa 1 agus 4. Bhí an bua faoi dheireadh ag Máirtín Ó Tuathail ón Lochán Beag i ngrúpa 4. I ngrúpa 3 ba le Joe Ó Fátharta ó na hAille an lá agus i ngrúpa 2 bhí an lá le Gearóid Ó Finneadha ón Lochán Beag.

B’éigin grúpa a 1 a chur siar go dtí an mhaidin Domhnaigh de bharr na síorchoimhlinte agus ba le Seán Ó Finneadha ón Lochán Beag a bhí an lá ar deireadh thiar.

Tá sármholadh tuilte ag beirt an Chnocáin Ghlais, Timín Joe Tim Ó Curraidhín agus ag Gerry Sambó Ó Fátharta a chuir oiliúint sármhaith ar fhir agus ar mhná an lae amáireach. Bhí neart le n-ithe agus le n-ól (tae ar ndóigh) ar an gcampa agus murar chuir an aois scáile a mbolg ar an mballa ní lá go maidin é.

\* \* \*



**Míle buíochas do bhialann Supermacs sa Spidéal a rinne urraíocht ar fheisteas d’fhoireann peile Mhicheál Breathnach i mbliana. Sa bpictiúr, tá bainisteoir na bialainne, Kamil ag bronnadh seaiceád ar bheirt de bhainistíocht na foirne, Pádraic Joe Joe Mac an Iomaire ar chlé agus Gerry Ó Curraoin ar dheis. Míle buíochas freisin do chuile dhream eile a chuidigh le Cumann Micheál Breathnach i rith na bliana.**